2024/3102

12.12.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/3102 ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Meán Fómhair 2024

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tagairtí d'aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíochta (NACE) a bhunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Nollaig 2003 maidir le cuntais eacnamaíochta na talmhaíochta sa Chomhphobal ([1]), agus go háirithe Airteagal 2(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), bunaíodh aicmiú comhchoiteann staidrimh maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas ('NACE Ath. 2'), a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2008.

(2) Tar éis do NACE Ath. 2 teacht i bhfeidhm tá athrú déanta de réir a chéile, mar gheall ar an domhandú agus an digitiú, ar an mbealach a soláthraíonn go leor gníomhaíochtaí eacnamaíocha earraí agus seirbhísí ar fud an domhain.

(3) Mar thoradh ar na hathruithe sin, ba ghá NACE Ath. 2 a thabhairt cothrom le dáta, chun a inchomparáideacht agus a chomhleanúnachas a choinneáil ar bun leis na caighdeáin maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a aicmiú a úsáidtear ar an leibhéal idirnáisiúnta. Dá réir sin, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/137 ón gCoimisiún ([3]), leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 agus bunaíodh an t-aicmiú arna thabhairt cothrom le dáta ('NACE Ath. 2.1').

(4) Chun é a chur ar a gcumas d'úsáideoirí measúnú a dhéanamh ar na hathruithe mionsonraithe in NACE agus chun an leagan roimhe sin den aicmiú a chur i gcomparáid leis an leagan arna thabhairt cothrom le dáta, cuireadh tábla comhfhreagrais ([4]) ar fáil d'úsáideoirí an aicmithe an 1 Lúnasa 2023, mar aon le nótaí míniúcháin ([5]).

(5) An corpas mór reachtaíochta lena leagtar amach ceanglais maidir le tarchur sonraí lena dtagraítear do ranna, rannáin, grúpaí nó aicmí sonracha NACE, áirítear Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 ann. Chun a áirithiú go sloinnfear na ceanglais sin maidir le tarchur i dtéarmaí atá comhoiriúnach leis an aicmiú arna thabhairt cothrom le dáta (NACE Ath. 2.1), ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 a leasú.

(6) Ós rud é go bhfuil gráinneacht an aicmithe arna thabhairt cothrom le dáta cosúil le gráinneacht bhunleagan an aicmithe, ní fhorchuirfeadh na leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 a leagtar amach sa Rialachán seo aon ualach breise ar na Ballstáit ná ar fhreagróirí.

([1]) IO L 33, 5.2.2004, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/138/oj.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh ghníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle, chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/137 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 (IO L 19, 20.1.2023, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/137/oj).

([4]) https://europa.eu/!f6H9nX.

([5]) https://europa.eu/!FNRFFB.

(7) Níor cheart comhlíonadh an aicmithe arna thabhairt cothrom le dáta a bheith ina cheanglas láithreach, toisc gur gá tréimhse áirithe chun go mbeidh soláthraithe sonraí in ann oiriúnú do na ceanglais rialála nua. Ba cheart a mheabhrú go leagtar amach dáta curtha siar chur i bhfeidhm le haghaidh fearainn staidrimh áirithe i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/137, lenar leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006. Dá bhrí sin, ba cheart dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar chomh maith.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm leis ón 1 Eanáir 2028 ar aghaidh, a mhéid a bhaineann le tarchuir sonraí chuig an gCoimisiún (Eurostat) a bhaineann le gach tréimhse thagartha dar tús an dáta sin nó dá éis.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 138/2004 mar a leanas:

(1) ar fud na hIarscríbhinne, cuirtear 'NACE' in ionad 'NACE Ath. 2';

(2) Leasaítear Cuid I mar a leanas:

(a) i Roinn B, pointe 1 'Bunaonad', cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1.10:

'1.10 Is éard atá i gceist leis an aonad príomhghníomhaíochta áitiúil an chuid d'aonad príomhghníomhaíochta áitiúil a chomhfhreagraíonn d'aonad áitiúil. Glaoitear bunaíocht ar aonad príomhghníomhaíochta in CCN 2008 agus sa Rangúchán Tionsclaíoch Caighdeánach Idirnáisiúnta i dtaca le gach Gníomhaíocht Eacnamaíoch (ISIC). Grúpálann aonad príomhghníomhaíochta na codanna uile d'aonad institiúideach ina cháil mar tháirgeoir a rannchuidíonn le feidhmíocht gníomhaíochta ar an leibhéal aicme (ceithre dhigit) de NACE (*) (arb é an t-aicmiú tagartha le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha é, cf. 1.55) agus a chomhfhreagraíonn d'fhorannán oibríochtúil amháin nó níos mó den aonad institiúideach. Ní mór córas faisnéise an aonaid institiúidigh a bheith in acmhainn an méid seo ar a laghad a thabhairt le fios nó a ríomh i gcás gach aonad príomhghníomhaíochta áitiúil faoi seach: luach an táirgthe, tomhaltas idirmheánach, cúiteamh d'fhostaithe, an barrachas oibriúcháin, an líon fostaithe agus ollfhoirmiú an chaipitil sheasta (CCE 2010, 2.148). Is aonad institiúideach, nó cuid d'aonad institiúideach, é an t-aonad áitiúil a tháirgeann earraí nó seirbhísí agus atá suite in áit atá sainaitheanta go geografach.

_____

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh ghníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle, chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).';

(b) leasaítear Roinn F mar a leanas:

(i) i bpointe 1 'Ginearálta', cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1.56:

'1.56 Is é atá in NACE leagan níos mionsonraithe de ISIC, arna oiriúnú go sonrach d'imthosca Eorpacha. Tá NACE nasctha go díreach leis an aicmiú táirgí de réir gníomhaíochta (CPA) (*) laistigh den Aontas Eorpach, rud atá bunaithe ar an Aicmiú Lárnach Táirgí (CPC) dá réir sin.

_____

(*) Rialachán (CE) Uimh. 451/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 lena mbunaítear aicmiú nua staidrimh ar tháirge de réir gníomhaíochta (CPA) (IO L 145, 4.6.2008, lch. 65, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/451/oj).';

(ii) i bpointe 2 'Gníomhaíochtaí saintréitheacha na talmhaíochta a shainmhíniú', sa dara habairt de phointe 1.62, scriostar fonóta 10;

(iii) leasaítear pointe 4 'Barúlacha maidir le hítimí éagsúla' mar a leanas:

— i bpointe 1.71, an chéad abairt, scriostar fonóta 12;

— cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1.89:

'1.89 Feirmeoireacht ainmhithe a dhéanamh ar fheirmeacha mar mhalairt ar luach saothair (talamh a sholáthar le haghaidh beostoic), is obair chonarthach thalmhaíochta í toisc gur cuid den phróiseas táirgthe talmhaíochta í. Mar sin féin, ní áirítear sa cheannteideal seo capaill diallaite a thógáil agus cúram a thabhairt dóibh go príobháideach, toisc nach táirgeadh earraí atá sna gníomhaíochtaí sin ach fíorsheirbhís de réir bhrí CCE 2010 (roinn S de NACE).';

— cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1.92:

‘1.92 Leis an ngrúpa gníomhaíochtaí sin cuimsítear na gníomhaíochtaí seo a leanas: (i) sealgaireacht agus gaisteoireacht ar bhonn tráchtála; (ii) ainmhithe (iad beo nó marbh) a ghlacadh le haghaidh bia, fionnaidh nó seithe, nó lena n-úsáid i dtaighde, i zúnna nó mar pheataí; (iii) seithí fionnaidh nó seithí reiptíle nó éin a tháirgeadh as gníomhaíochtaí sealgaireachta nó gaisteoireachta. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach n-áirítear táirgeadh seithe agus leathair as seamlais ná sealgaireacht arna déanamh mar ghníomhaíocht spóirt nó áineasa mar ghníomhaíochtaí saintréitheacha de chuid an tionscail talmhaíochta. Ina theannta sin, ní chuimsítear leis an ngrúpa ‘sealgaireacht’ pórú géim ar ghabháltais, rud ba cheart a thaifeadadh faoi Aicme 01.48 “Tógáil ainmhithe eile”’.